
# Mic Léinn ag agóidíocht in Ollscoil na Gaillimhe



Eochairfhocail: céimithe, údaráis, ceangail, agóidíocht, institiúid teicneolaíochta, comhpháirtíocht institiúideach, cearta an duine

Príomhscileanna: éisteacht, scríobh, léitheoireacht

**Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:**

1. Ainmnigh na trí ghrúpa daoine a bhí i mbun agóidíochta in Ollscoil na Gaillimhe an tseachtain seo?
2. Cén fáth a raibh na daoine seo i mbun agóidíochta?
3. Cá raibh na daoine i mbun agóidíochta ar champas Ollscoil na Gaillimhe?
4. Cad a bhí ar siúl ag údaráis na hollscoile a fhad is a bhí na daoine amuigh i mbun agóidíochta?
5. Cén fáth ar cuireadh éadaí linbh amach mar chuid den agóid?
6. Cén dualgas atá ar Ollscoil na Gaillimhe, dar le Daithí Ó Madáin?
7. Cén fáth a ndeir údaráis na hollscoile nach féidir leo an nasc leis an institiúid teicneolaíochta in Iosrael a bhriseadh láithreach?
8. Cad a gheallann údaráis na hollscoile a dhéanfaidh siad feasta?
9. Cérbh é an grúpa ba mhó ar thug údaráis na hollscoile neamhaird, dar le Maitiú de Hál?
10. Cad a dhéanfaidh an grúpa agóidíochta amach anseo muna gcuireann údaráis na hollscoile deireadh leis an gconradh?



## Gníomhaíocht Smaointeoireachta: Fíor nó Bréagach


**Féach ar an bhfíseán arís agus aimsigh an bhfuil na ráitis seo a leanas fíor nó bréagach**

| | |
|---|---|
| Tá nasc ag Ollscoil na Gaillimhe le hinstitiúid teicnaolaíochta in Iosrael | |
| Tá gach duine san ollscoil sásta go bhfuil ceangail ann idir an dá institiúid | |
| Eagraíodh agóid an tseachtain seo i gceann de na seomraí ranga san ollscoil in aghaidh an naisc seo | |
| Mic léinn reatha na hollscoile amháin a bhí pairteach san agóid | |
| Bhí cruinniú de chuid údarás na hollscoile ar siúl a fhad is a bhí an agóid ar siúl | |
| I ráiteas a d'eisigh údarás na hollscoile dúirt said go leanfaidís ar aghaidh ag cruthú nasc idir an ollscoil agus institiúidí tríú leibhéal in Iosrael | |
| Deir údarás na hollscoile nach féidir leis an ollscoil deireadh a chur leis an gceangail reatha atá acu leis an institiúid teicneolaíochta in Iosrael mar gheall ar chúinsí dlí | |
| Tá an lucht agóidíochta sásta éirí as na hagóidí seo a eagrú fiú muna gcuireann an ollscoil deireadh leis an gconradh leis an institiúid teicneolaíochta in Iosrael | |
| Cailleadh an-chuid páistí óga Palaistíneacha le linn an chogaidh is déanaí idir an dá thaobh | |
| Ní raibh aon duine le Gaeilge i measc na ndaoine a bhí ag agóidíocht san ollscoil an tseachtain seo | |

Gníomhaíocht Scríbhneoireachta:

**Samhlaigh go raibh tú i láthair ag an agóid in Ollscoil na Gaillimhe an tseachtain seo. Déan cur síos ar an agóid. Is leor 100 focal sa chur síos. Cabhróidh an foclóir seo a leanas leat.**

- atmaisféar míshuaimhneach
- an-chuid daoine cruinnithe le chéile
- mhair an agóid…
- tugadh tacaíocht dúinn
- bhí na feachtasóirí ag canadh agus ag béicigh
- déistin
- údaráis na hollscoile
- cruinniú
- ráiteas
- diongbháilteacht an ghrúpa agóidíochta



## Freagraí

1. Mic léinn, céimithe agus baill foirne
2. Deireadh a chur le nasc idir Ollscoil na Gaillimhe agus institiúid teicneolaíochta in Iosrael
3. Taobh amuigh de chearnóg Ollscoil na Gaillimhe
4. Cruinniú
5. Mar chomharthaí cuimhneacháin ar na páistí óga ar fad a cailleadh ó cuireadh tús leis an gcogadh
6. An conradh a bhriseadh leis an institiúid teicneolaíochta in Iosrael láithreach
7. De bharr cúiseanna dlí
8. Ní bheidh siad páirteach in aon chomhpháirtíocht nua taighde institiúideach a bhfuil comhpháirtithe Iosraelacha i gceist leis
9. An tAonad um Chearta an Duine
10. Tuilleadh taispeántas agóidíochta

1. Fíor
2. Bréagach
3. Bréagach
4. Bréagach
5. Fíor
6. Bréagach
7. Fíor
8. Fíor
9. Fíor
10. Bréagach